**Oifig Náisiúnta Imdhíonta**
**HSE National Immunisation Office**
**[www.hse.ie/flu](www.hse.ie/flu)**

Meán Fómhair 2023

**Maidir le: Vacsaín shrónach fliú do dhaltaí sna Naíonáin Shinsearacha**

A Thuismitheoir/a Chaomhnóir, a chara,

Sa phacáiste seo gheobhaidh tú eolas faoin vacsaín shrónach fliú. Léigh an t-eolas, le do thoil, comhlánaigh an fhoirm toilithe agus seol ar ais sa chlúdach litreach atá curtha ar fáil.

Moltar an vacsaín fliú do gach leanbh 2-12 mbliana d'aois. I mbliana tá an vacsaín fliú á thairiscint ag foirne vacsaínithe FSS do leanaí sna Naíonáin Shinsearacha ar scoil. Fluenz Tetra a thugtar ar an vacsaín atá á tairiscint do do leanbh. Is vacsaín shábháilte agus éifeachtach í a thugtar mar sprae sróine.

**Na nithe a gheobhaidh tú leis an litir seo**

- Bileoga eolais faoin vacsaín agus faoin ngalar a choisceann siad. Léigh an t-eolas seo go cúramach le do thoil agus is féidir leat iad a úsáid freisin chun na vacsaíní seo a phlé le do leanbh.
- Foirm toilithe le haghaidh vacsaínithe.
  - Comhlánaigh an fhoirm toilithe le do thoil.
  - Seol an fhoirm seo ar ais sa chlúdach litreach a cuireadh ar fáil sula dtosaíonn na vacsaínithe.
  - Ní mór an fhoirm seo a chomhlánú i mBLOCLITREACHA le peann agus í sínithe ag an tuismitheoir nó caomhnóir.

**Conas cabhrú le do pháiste ar lá an vacsaínithe**

Ar lá an vacsaínithe, déan cinnte de le do thoil go mbeidh an méid seo a leanas déanta ag do pháiste:

- Bíodh bricfeasta ite aige nó aici
- Tógadh sé nó sí ar scoil an cárta taifid vacsaínithe nó an pas imdhíonta, má tá a leithéid aige nó aici.

Déan teagmháil le foireann vacsaínithe FSS le do thoil roimh vacsaíniú a fháil do do leanbh má thagann aon athrú ar shláinte do linbh.

Tabhair cuairt ar [www.hse.ie/flu](www.hse.ie/flu) chun tuilleadh eolais a fháil faoin vacsaín seo agus chun sonraí teagmhála fhoireann vacsaínithe FSS a fháil.

Is mise le meas,

**An Dochtúir Lucy Jessop**
**Comhairleach i Míochaine Sláinte Poiblí – Ceannaire Náisiúnta Imdhíonta**
**An Oifig Náisiúnta Imdhíonta**
**MRCN 424447**